

An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

13344/25

FISC 253
ECOFIN 1261
ONU 55

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear an chaibidlíocht ag na Náisiúin Aontaithe le haghaidh comhaontú maidir leis an dara Prótacal Luath a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach agus maidir le haon fhoráil den Chreat-Choinbhinsiún a bhaineann leis an bPrótacal sin nó a dhéanann difear dó

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 584 final.

Faoi iamh: COM(2025) 584 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2025
COM(2025) 584 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear an chaibidlíocht ag na Náisiúin Aontaithe le haghaidh comhaontú
maidir leis an dara Prótacal Luath a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún
Aontaithe
maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach agus
maidir le haon fhoráil den Chreat-Choinbhinsiún a bhaineann leis an bPrótacal sin nó a
dhéanann difear dó**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

1.1. Forais agus cuspóirí an togra

I mí na Nollag 2022, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 77/244¹ maidir le *Promotion of inclusive and effective international tax cooperation at the United Nations* [Comhar cánach idirnáisiúnta cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe]. Leis an Rún, cuireadh tús le plé idir-rialtasach ag na Náisiúin Aontaithe maidir leis na bealaí chun cuimsitheacht agus éifeachtacht an chomhair idirnáisiúnta cánach a neartú. I mí Lúnasa 2023, d'eisigh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe tuarascáil² ina ndearnadh anailís ar na hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha uile agus ar na comhaontaithe iltaobhacha uile, tar éis dul i gcomhairle le Ballstáit na Náisiún Aontaithe agus le páirtithe leasmhara. Chun ról na Náisiún Aontaithe maidir le dul i bhfeidhm ar an norm cánach a fheabhsú, sainaithníodh trí rogha sa tuarascáil lena mbreithniú: (1) coinbhinsiún iltaobhach atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le cáin; (2) creat-choinbhinsiún atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le comhar idirnáisiúnta cánach; agus (3) creat le haghaidh comhar idirnáisiúnta cánach. Vótáil tromlach Bhallstáit na Náisiún Aontaithe chun tacú le rogha 2, a ghlac an Comhthionól Ginearálta ar deireadh i Rún 78/230³.

Cuireadh i dtábhacht i Rún 78/230 gur cheart iarrachtaí sa chomhar idirnáisiúnta cánach a bheith uilíoch ó thaobh cur chuige agus raon feidhme de agus gur cheart riachtanais agus inniúlachtaí éagsúla na Stát uile a chur san áireamh leo, go háirithe tíortha i mbéal forbartha agus tíortha i gcásanna speisialta. Mar chéad chéim, bunaíodh leis an Rún coiste idir-rialtasach *ad hoc* chun téarmaí tagartha a dhréachtú do Chreat-Choinbhinsiún maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach ag na Náisiúin Aontaithe (dá ngairtear an Creat-Choinbhinsiún anseo feasta). Tar éis dianchaibidlíochta, ghlac an Comhthionól Ginearálta na téarmaí tagartha i Rún 79/235⁴. Mar dhara céim, cuireadh coiste caibidlíochta idir-rialtasach ar bun chun comhaontú a fhorbairt agus a lorg maidir le hionstraimí dlí an Chreat-Choinbhinsiúin.

Sonraítear i dtéarmaí tagartha an Chreat-Choinbhinsiúin gur cheart dhá Phrótacal Luatha a fhorbairt go comhuaineach leis an gCreat-Choinbhinsiún. Bainfidh an chéad Phrótacal Luath le cánachas ar ioncam a dhíorthaítear ó sholáthar seirbhísí trasteorann i ngeilleagar atá ag éirí níos digitithe agus níos domhandaithe, mar a comhaontaíodh faoi Rún 79/235. Bainfidh an dara Prótacal Luath le díospóidí cánach a chosc agus a réiteach, mar a comhaontaíodh ag seisiún eagraíochtúil an choiste caibidlíochta idir-rialtasaigh, a tharla i Nua-Eabhrac ón 3 go dtí an 6 Feabhra 2025⁵.

Sonraítear i Rún 79/235 freisin go bhfuil obair an choiste caibidlíochta idir-rialtasaigh le tabhairt chun críche in 2027, in am lena breithniú sa chéad ráithe den 82ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Tá sé beartaithe ag an gcoiste caibidlíochta idir-rialtasach teacht le chéile in 2025, 2026 agus 2027 le haghaidh trí sheisiún

¹ Rún ón gComhthionól Ginearálta an 30 Nollaig 2022, [A/RES/77/244](#)

² Tuarascáil ón Ardrúnaí maidir le *Promotion of inclusive and effective international tax cooperation at the United Nations* [Comhar idirnáisiúnta cánach cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe] [A/78/235](#)

³ Rún ón gComhthionól Ginearálta an 22 Nollaig 2023, [A/RES/78/230](#). [Na 27 mBallstát den Aontas a vótáil in aghaidh glactha.](#)

⁴ Rún ón gComhthionól Ginearálta an 24 Nollaig 2024, [A/RES/79/235](#)

⁵ Tuarascáil ón Seisiún Eagraíochtúil, [A/AC.298/3](#)

shubstainteacha ar a laghad in aghaidh na bliana. In 2025, tionóladh an chéad agus an dara seisiún substainteach i ndiaidh a chéile ón 4 go dtí an 15 Lúnasa i Nua-Eabhrac, agus tá sé beartaithe an tríú seisiún substainteach a thionóil ina dhiaidh sin ón 10 go dtí an 21 Samhain in Nairobi. In 2026, tá sé beartaithe, go sealadach, na seisiúin shubstainteacha a thionóil ón 3 go dtí an 14 Lúnasa i Nua-Eabhrac, agus tá seisiún eile beartaithe ina dhiaidh sin ón 30 Samhain go dtí an 11 Nollaig in Nairobi. In 2027, tá sé beartaithe, go sealadach, na trí sheisiún shubstainteacha a thionóil ón 18 go dtí an 29 Eanáir, ón 26 Aibreán go dtí an 7 Bealtaine, agus ón 19 go dtí an 30 Iúil, agus beidh na seisiúin uile ar siúl i Nua-Eabhrac.

Is é is aidhm don togra seo rannpháirtíocht iomchuí an Aontais Eorpaigh sa chaibidlíocht sin a áirithiú, ós rud é go meastar go n-áireofar sa chaibidlíocht ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais i réimse an chánachais. Meastar go gcumhdófar leis an gcaibidlíocht freisin roinnt réimsí a thiocfadh faoi inniúlacht eisiach an Aontais de bhun Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Go háirithe, leis an dara Prótacal Luath maidir le díospóidí cánach a chosc agus a réiteach atá faoi rioscaí caibidlíochta faoi láthair chun ábhair a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais de bhun Airteagal 3(2) CFAE a chumhdach, go háirithe ionstraimí ábhartha dlí an Aontais a bhaineann le réiteach díospóidí agus sásraí coisctheacha faoi chuimsiú an chomhair riaracháin. Faoi mar a fhoráiltear dó in Airteagal 2(1) CFAE, i gcás ina dtugtar inniúlacht eisiach i réimse sonrach don Aontas leis na Conarthaí, is é an tAontas amháin a fhéadfaidh gníomhartha a ghlacadh a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí, lena n-áirítear comhaontuithe idirnáisiúnta, gan na Ballstáit a bheith in ann gníomhú amhlaidh ach amháin má chumhachtaíonn an tAontas amhlaidh nó chun gníomhartha an Aontais a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag an Aontas páirt a ghlacadh ar a laghad sa chaibidlíocht maidir leis an dara Prótacal Luath agus maidir le gnéithe de Chreat-Choinbhinsiún a bhaineann le prótacal den sórt sin nó a dhéanann difear dó i gcás ina mbeadh tionchar aige ar reachtaíocht an Aontais.

I bhfianaise réimse sonrach na caibidlíochta, ba cheart socrúithe praiticiúla maidir le seoladh na caibidlíochta a shainiú, go háirithe d'fhonn comhar éifeachtach a áirithiú idir idirbheartaí an Aontais agus na Ballstáit, gan dochar do ról an Choimisiúin mar an t-idirbheartaí i gcomhréir lena shainphribhléidí faoi Airteagal 17 CAE agus do ról an choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE.

1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Cé go bhfuil raon feidhme beacht na caibidlíochta fós doiléir, tugann na hábhair a sainaithníodh do na Prótacail Luatha le fios go bhféadfadh forluí a bheith ann le hábhair nó le réimsí a chumhdaítear le dlíthe áirithe de chuid an Aontais. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás an dara Prótacal Luath maidir le díospóidí cánach a chosc agus a réiteach. Leis an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí (Treoir 2017/1852/AE),⁶ leagtar síos rialacha chun díospóidí a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm éagsúil comhaontuithe agus coinbhinsiún a réiteach go tapa agus go héifeachtach, ar comhaontuithe agus coinbhinsiún iad lena ndéantar foráil maidir le cánachas dubailte ar ioncam a dhíchur, agus, i gcás inarb infheidhme ar chaipiteal, amhail conarthaí cánach déthaobhacha agus an Coinbhinsiún Eadrána (90/463/CEE) . Leis an dara Prótacal Luath, d'fhéadfaí sásra comhchosúil um

⁶ [Treoir \(AE\) 2017/1852](#) ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017 maidir le sásraí um réiteach díospóidí cánach san Aontas Eorpach

réiteach díospóidí a thabhairt isteach chun cásanna cánachais dhúbailte a réiteach agus, ar an gcaoi sin, difear a dhéanamh do raon feidhme rialacha an Aontais. I ndáil leis an méid sin, ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht chun a áirithiú go gcoinneoidh cáiníocóirí i mBallstáit den Aontas a gceart chun leanúint d'ionstraimí dlí an Aontais atá ar fáil a chur i bhfeidhm chun díospóidí cánach a réiteach.

Thairis sin, cumhdaítear comhar riaracháin i gcúrsaí cánach le Treoir 2011/16/AE (an Treoir maidir le comhar riaracháin – DAC) agus leis na leasuithe a rinneadh uirthi ina dhiaidh sin⁷. Leagtar síos le DAC na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le dlúthchomhar idir údarais inniúla na mBallstát i réimse an chánachais dhíreach. Bunaítear leis creat comhchuibhithe a chuireann ar a gcumas do na Ballstáit cúnamh a thabhairt dá chéile trí fhaisnéis a mhalartú chomh maith le cineálacha eile ardchomhair. Féadfaidh na huirlisí comhair dá bhforáiltear in DAC a bheith mar chúnamh chun díospóidí cánach a chosc agus a réiteach. Dá réir sin, d'fhéadfadh rialacha na Náisiún Aontaithe amach anseo teacht faoin réimse a chumhdaítear cheana féin le dlí an Aontais.

I bhfianaise an mhéid thuas, leis an gcaibidlíocht maidir leis an dara Prótacal Luath maidir le díospóidí cánach a chosc agus a réiteach ba cheart a áirithiú go mbeidh na forálacha a comhaontaíodh ag luí le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, cuirtear an moladh seo faoi bhráid na Comhairle de bhun Airteagal 218 CFAE chun údarú a fháil le haghaidh rannpháirtíocht iomchuí an AE agus chun treoracha caibidlíochta a sholáthar lena ndírítear ar an dara Prótacal Luath agus ar aon fhorálacha den Chreat-Choinbhinsiún a bhaineann le bearta a bhaineann leis an dara Prótacal Luath nó a dhéanann difear dóibh.

Thairis sin, de réir na dtéarmaí tagartha thuasluaite⁸, féachtar le cuspóirí ginearálta an Chreat-Choinbhinsiúin, 'córas cánach idirnáisiúnta atá cuimsitheach, cóir, trédhearcach, éifeachtúil, cothromasach agus éifeachtach a bhunú'. Is é is aidhm do cheangaltas fhéideartha aghaidh a thabhairt ar ábhair amhail (i) leithdháileadh cóir ceart cánach, lena n-áirítear cánachas cothrom ar fhiontair ilnáisiúnta, (ii) aghaidh a thabhairt ar chleachtais imghabhála agus seachanta cánach ag daoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu agus a gcánachas éifeachtach a áirithiú sna Ballstáit ábhartha, chomh maith le (iii) cúnamh riaracháin frithpháirteach éifeachtach i gcúrsaí cánach, maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise chun críoch cánach freisin. De réir mar a thagann forbairt ar an gcaibidlíocht, is dócha go leathnófar iad chuig ábhair nó réimsí eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do raon feidhme rialacha comhchoiteanna (AE) eile i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE nó an raon feidhme a athrú. Sa chás sin, beidh gá le raon feidhme na dtreoracha caibidlíochta maidir le rannpháirtíocht an Aontais a athbhreithniú agus a fhorbairt a thuilleadh de réir mar is iomchuí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

2.1. Bunús Dlí don nós imeachta

Foráiltear le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an

⁷ [Treoir 2011/16/AE ón gComhairle](#) an 15 Feabhra 2011; [Treoir 2014/107/AE ón gComhairle](#) an 9 Nollaig 2014 (DAC2); [Treoir \(AE\) 2015/2376 ón gComhairle](#) an 8 Nollaig 2015 (DAC3); [Treoir \(AE\) 2016/881 ón gComhairle](#) an 25 Bealtaine 2016 (DAC4); [Treoir \(AE\) 2016/2258 ón gComhairle](#) an 6 Nollaig 2016 (DAC5); [Treoir \(AE\) 2018/822 ón gComhairle](#) an 25 Bealtaine 2018 (DAC6); [Treoir \(AE\) 2021/514 ón gComhairle](#) an 22 Márta 2021 (DAC7); [Treoir \(AE\) 2023/2226 ón gComhairle](#) an 17 Deireadh Fómhair 2023 (DAC8); agus [ST/6845/2025](#), arna ghlacadh an 11 Márta 2025 (DAC9)

⁸ [A/AC.298/2](#)

gcomhbheartas eachtrach agus slándála, go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais.

Foráiltear le hAirteagal 218(4) CFAE go bhféadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú chun dul i gcomhairle leis an idirbheartaí.

De bhun Airteagal 218(8) CFAE, an dara fomhír, gníomhaíonn an Chomhairle d'aon toil nuair a bheartaítear leis an gcomhaontú réimse a chumhdach ina bhfuil gá le haontoilíocht chun gníomh de chuid an Aontais a ghlacadh agus le haghaidh comhaontuithe comhlachais.

Molann an Coimisiún go n-údarófaí caibidlíocht thar ceann an Aontais maidir le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach agus maidir leis an dara Phrótacal Luath a ghabhann leis maidir le díospóidí cánach a chosc agus a réiteach. Ainmneofar an Coimisiún mar idirbheartaí.

Is iad Airteagal 218(3) agus (4) CFAE agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe chun caibidlíocht a údarú thar ceann an Aontais maidir le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach agus maidir leis an dara Prótacal Luath a ghabhann leis.

2.2. Bunús Dlí Substainteach

Cumhdaíonn an t-ábhar réimse an chánachais agus d'fhéadfadh sé cúrsaí cánachais dhírigh nó indírigh a chumhdach. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é 113 CFAE agus 115 CFAE an bunús dlí.

2.3. Rogha an idirbheartaí

Ós rud é nach gcumhdaítear leis an gcomhaontú atá beartaithe ach ábhair seachas an comhbheartas eachtrach agus slándála, ní mór an Coimisiún a ainmniú mar an t-idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) CFAE.

2.4. Inniúlacht an Aontais

Mar a mhínítear thuas, táthar ag súil go gcumhdófar inniúlachtaí comhroinnte agus eisiacha araon leis an gcaibidlíocht maidir leis an dara prótacal luath.

2.5. Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

D'fhéadfadh sé go dtiocfadh cuid de na réimsí caibidlíochta a d'fhéadfadh a bheith sa Chreat-Choinbhinsiún agus sa dá Phrótacal Luatha a ghabhann leis faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá le rannpháirtíocht iomchuí an Aontais sa chaibidlíocht sin chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú.

2.6. Comhréireacht

Ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais atá i gceist a bhaint amach. Is Moladh é sainordú a thabhairt don Choimisiún páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir le gnéithe de chomhaontú idirnáisiúnta a mhéid a chumhdaítear leo freisin ábhair a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

Beidh an Cinneadh seo gan dochar do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit mar a shainítear sna Conarthaí, nó d'aon chinneadh ina dhiaidh sin chun an coinbhinsiún a shíniú, a thabhairt i gcrích nó a dhaingniú thar ceann an Aontais. Ba cheart an

Cinneadh seo a bheith gan dochar freisin d'inniúlacht an Aontais i gcásanna eile chun ábhair a thagann faoi inniúlachtaí comhroinnte amháin a chaibidlíú, nuair a údaraítear sin i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha faoi Airteagal 218 CFAE, mar a aithnítear i ndlí-eolaíocht na Cúirte.

2.7. An rogha ionstraime

Cuirtear an moladh sin le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 218 CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh sin a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

3.1. Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Ní bhaineann le hábhar.

3.2. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Ní bhaineann le hábhar.

3.3. Bailiú agus úsáid saineolais

Chuir an Coimisiún san áireamh tuairimí a chuir saineolaithe ó na Ballstáit in iúl le linn an phlé sna meithleacha ábhartha de chuid na Comhairle chun ullmhú don chaibidlíocht.

3.4. Measúnú tionchair

Ní bhaineann le hábhar.

3.5. Oiriúnacht rialála agus simpliú

Ní bhaineann le hábhar.

3.6. Cearta bunúsacha

Is dócha go n-áireofar sa chaibidlíocht réimsí nó ábhair a d'fhéadfadh a bheith ina gcur isteach ar chearta bunúsacha, lena n-áirítear cearta bunúsacha na gcáiníocóirí, amhail cosaint sonraí pearsanta, an ceart chun éisteacht a fháil agus chun dea-riaracháin. D'fhéadfadh cur isteach e.g. ar an gceart chun príobháideachais agus ar an gceart go gcosnófaí sonraí pearsanta a bheith mar thoradh ar na forálacha atá le caibidlíú. Ba cheart go n-áiritheofaí le rannpháirtíocht sa chaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh nach gcuirfidh an toradh deiridh isteach ar leibhéal cosanta na gceart bunúsach san Aontas.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

5.1. Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Meastar go mairfidh an próiseas caibidlíochta ó 2025 go dtí deireadh 2027, agus go bhféadfar síneadh a chur leis an gcaibidlíocht más gá. Tar éis bailchríoch a chur ar na téacsanna dlíthiúla, féadfar an Creat-Choinbhinsiún agus an Prótacal Luath a ghabhann leis a shíniú agus a thabhairt i gcrích. Beartaítear sa tionscnamh próiseas caibidlíochta atá oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach a shaothrú.

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear an chaibidlíocht ag na Náisiúin Aontaithe le haghaidh comhaontú maidir leis an dara Prótacal Luath a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach agus maidir le haon fhoráil den Chreat-Choinbhinsiún a bhaineann leis an bPrótacal sin nó a dhéanann difear dó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 113 agus 115 de, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), agus Airteagal 218(8), an dara fhomhír, de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 24 Nollaig 2024, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rún 79/235 maidir le Comhar idirnáisiúnta cánach cuimsitheach agus éifeachtach ag na Náisiúin Aontaithe a chur chun cinn⁹. Leis an rún sin, leagtar síos na téarmaí tagartha do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach ('an Creat-Choinbhinsiún'). Bunaíodh leis freisin coiste caibidlíochta idir-rialtasach oscailte, faoi stiúir na mBallstát chun an Creat-Choinbhinsiún agus dhá Phrótacal Luatha a dhréachtú go comhuaineach i gcomhréir leis na téarmaí tagartha.
- (2) Tá sraith rialacha comhchoiteanna glactha ag an Aontas lena dtugtar aghaidh ar ábhair a d'fhéadfadh a bheith mar chuid d'ábhar an dara Prótacal Luath maidir le díospóidí cánach a chosc agus a réiteach. Áirítear leis na rialacha sin, go háirithe, sásraí um réiteach díospóidí¹⁰, agus comhar riaracháin maidir le cúrsaí cánach díri¹¹. A mhéid a

⁹ Rún ón gComhthionól Ginearálta [A/RES/79/235](#)

¹⁰ Treoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017 maidir le sásraí réitigh díospóidí cánach san Aontas Eorpach (IO L 265, 14.10.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1852/oj>).

¹¹ Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 064, 11.3.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/16/2024-01-01>); Treoir 2014/107/AE ón gComhairle an 9 Nollaig 2014 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir leis an uathmhalartú sainordaitheach faisnéise i réimse an chánachais (DAC2) (IO L 359, 16.12.2014, lgh. 1-29, ELI <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/107/oj>); Treoir (AE) 2015/2376 ón gComhairle an 8 Nollaig 2015 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le huathmhalartú sainordaitheach faisnéise i réimse an chánachais (DAC3) (IO L 332, 18.12.2015, lgh. 1–10, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2376/oj>); Treoir (AE) 2016/881 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2016 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le huathmhalartú sainordaitheach faisnéise i réimse an chánachais (DAC4) (IO L 146, 3.6.2016, lgh. 8–21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/881/oj>); Treoir (AE) 2016/881 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2016 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE a mhéid a bhaineann le huathmhalartú sainordaitheach faisnéise i réimse an chánachais (DAC5) (IO L 146, 3.6.2016, lgh. 8–21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/881/oj>); Treoir (AE) 2018/822 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE a mhéid a bhaineann le huathmhalartú sainordaitheach faisnéise i

chumhdaítear leis an dara Prótacal Luath ábhair a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais faoi Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir leis an dara Prótacal Luath agus aon fhoráil den Chreat-Choinbhinsiún a bhaineann leis an dara Prótacal nó a dhéanann difear dó. Chuige sin, tá na teoracha caibidlíochta atá dírithe ar an gCoimisiún i gceangal leis an gCinneadh seo.

- (3) Áirítear freisin i dtéarmaí tagartha an Chreat-Choinbhinsiúin díospóidí cánach a chosc agus a réiteach go héifeachtach mar cheann de na hábhair le haghaidh gealltanais. I bhfianaise an ghá atá le comhordú a dhéanamh ar fhorálacha éagsúla an Chreat-Choinbhinsiúin agus an dara Prótacal Luath sa réimse sin, ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gCreat-Choinbhinsiún a mhéid a bhaineann siad le hábhair atá ábhartha don dara Prótacal Luath nó a bhfuil tionchar acu air.
- (4) I bhfianaise luathchéim na caibidlíochta, ní fios go fóill raon feidhme beacht an Chreat-Choinbhinsiúin agus a chéad Phrótacal Luath maidir le cánachas ar sheirbhísí trasteorann. De réir mar a thagann forbairt ar an gcaibidlíocht, féadfar ábhair bhreise nó réimsí breise a shainaithint a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do rialacha an Aontais nó a d'fhéadfadh a raon feidhme a athrú nó d'fhéadfadh sé tarlú go bhféadfadh an chaibidlíocht sin difear a dhéanamh do bhunú agus d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, rud a fhágann gur gá don Aontas a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht sin freisin. Dá bhrí sin, ag brath ar an bhforbairt a thagann ar an gcaibidlíocht, féadfar na teoracha caibidlíochta a leasú agus a fhorbairt a thuilleadh chun ábhair a bhaineann leis an gcéad Phrótacal Luath a chumhdach, chomh maith le forálacha féideartha an Chreat-Choinbhinsiúin.
- (5) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, tá an Coimisiún agus na Ballstáit le comhoibriú go dlúth le linn an phróisis caibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmhálacha rialta le saineolaithe teicniúla na mBallstát agus lena n-ionadaithe i Nua-Eabhrac, in Nairobi nó in aon áitreabh eile de chuid na Náisiún Aontaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo don Choimisiún páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ag na Náisiúin Aontaithe, thar ceann an Aontais, maidir le comhaontú i ndáil leis an dara Prótacal Luath maidir le díospóidí cánach a chosc agus a réiteach, ar dlúthchuid é de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach ('an Creat-Choinbhinsiún'), agus aon fhoráil den Chreat-Choinbhinsiún a bhaineann leis an dara Prótacal Luath nó a dhéanann difear dó.

réimse an chánachais i ndáil le socrúithe intuairiscithe trasteorann (DAC6) (IO L 139, 5.6.2018, lgh. 1–13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2018/822/oj>); Treoir (AE) 2021/514 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC7)(IO L 104, 25.3.2021, lgh. 1–26, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2021/514/oj>); Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC8) (IO L, 2023/2226, 24.10.2023, ELI:<http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2226/oj>); agus Treoir (AE) 2025/872 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC9) (IO L, 2025/872, 6.5.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/872/oj>).

Airteagal 2

Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 4

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gCoiste Speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) CFAE agus i gcomhréir leis na treoracha atá san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, faoi réir aon treoir a fhéadfaidh an Chomhairle a eisiúint dá éis seo chuig an gCoimisiún.

Airteagal 5

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*